BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

18 Nollaig 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Treoir 93/13/CEE – Airteagail 6(1) agus 7(1) – Cumhacht athbhreithnithe agus oibleagáidí na cúirte náisiúnta – Clásal pionóis – Gan athbhreithniú *ex officio* a dhéanamh ar éagóir na clásail seo – *Res judicata* – Prionsabal na héifeachtachta – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. – Cineál éagórach an téarma chonarthaigh a agairt i gcás tarchurtha i ndiaidh neamhniú ar achomharc ar phointe dlí)

I gCás C-320/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh, an Iodáil), trí bhreith an 26 Aibreán 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 30 Aibreán 2024, sna himeachtaí

CR,

TP

v

Soledil Srl, cuideachta a rinne comhaontú maidir le comhdhéanamh lena creidiúnaithe

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis, Uachtarán Dlísheomra, N. Jääskinen agus R. Frendo (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: N. Emiliou,

Cláraitheoir: C. Di Bella, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 26 Feabhra 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– CR agus TP, ag J. S. F. Bartolomei, avvocato,

– Rialtas na hIodáile, ag S. Fiorentino agus G. Palmieri, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó Cherubini, agus C. Colelli, avvocati dello Stato,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

– an Coimisiún Eorpach, ag P. Kienapfel agus D. Recchia, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 19 Meitheamh 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagail 6(1) agus 7(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29) agus le léiriú ar Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir CR agus TP, beirt cheannaitheoirí is gealltóirí d'fhoirgnimh a bhfuil stádas tomhaltóirí acu, agus Soledil Srl, cuideachta a rinne comhaontú maidir le socrú lena creidiúnaithe, an díoltóir ionchasach maidir le hiarratas ar fhoirceannadh an ghealltanais díola déthaobhach maidir leis an bhfoirgneamh sin a dhíol agus bailíocht an chlásail pionóis atá sa ghealltanas díola sin.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Foráiltear leis an gceathrú haithris is fiche de Threoir 93/13:

'[...] nach mór modhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha a bheith ar fáil do chúirteanna nó údaráis riaracháin na mBallstát chun cosc a chur ar chur i bhfeidhm téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 6(1) den Treoir sin:

'Déanfaidh na Ballstáit foráil nach mbeidh téarmaí éagóracha a úsáidtear i gconradh arna chur i gcrích le tomhaltóir ag díoltóir nó soláthróir ina gceangal ar an tomhaltóir, amhail dá bhforáiltear faoina ndlí náisiúnta, agus go leanfaidh an conradh sin de bheith ina cheangal ar na páirtithe de réir na dtéarmaí céanna, más féidir leis leanúint de bheith ann gan na téarmaí éagóracha.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 7(1) den Treoir sin:

'Áiritheoidh na Ballstáit, ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus na n-iomaitheoirí, gurb ann do mhodhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha chun cosc a chur ar úsáid leanúnach a bhaint as téarmaí éagóracha i gconarthaí arna dtabhairt i gcrích ag díoltóirí nó ag soláthróirí le tomhaltóirí.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hIodáile

An Cód Tomhaltóirí

6 Foráiltear le hAirteagal 33(1) agus (2) den Decreto legislativo n. 206, recante Codice del consumo a norma dell'articolo 7 della legge 29 luglio 2003, Uimh. 229 (Foraithne Reachtach Uimh. 206 maidir leis an gCód Tomhaltóra de bhun Airteagal 7 de Dhlí Uimh. 229 an 29 Iúil 2003), an 6 Meán Fómhair 2005 (gnáth fhorlíonadh de chuid GURI Uimh. 235, an 8 Deireadh Fómhair 2005), lenar trasuíodh Treoir 93/13 i ndlíchóras na hIodáile:

'1. I gconradh idir tomhaltóir agus díoltóir nó soláthróir, measfar gur téarmaí éagóracha iad téarmaí lena gcruthaítear, d'ainneoin meon macánta, éagothroime shuntasach sna cearta agus sna hoibleagáidí faoin gconradh chun aimhleasa an tomhaltóra.

2. Tá toimhde ann gur téarmaí éagóracha iad mura dtugtar cruthúnas dá mhalairt, téarmaí arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh:

[...]

(f) forchur ar an tomhaltóir, i gcás neamh-chomhlíonadh nó i gcás moill ar chomhlíonadh, suim airgid atá iomarcach go follasach a íoc mar chúiteamh, clásal pionóis nó a choibhéis;

[...]'

7 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 36(1) agus (3) den Chód sin:

'1. Beidh na téarmaí a mheastar a bheith éagórach de bhun Airteagail 33 agus 34 ar neamhní, agus leanfaidh an chuid eile den chonradh de bheith bailí.

[...]

3. Níl feidhm ag neamhniú ach amháin maidir le leas an tomhaltóra agus féadfaidh an chúirt é a ardú.'

An Cód Sibhialta

8 Faoi Airteagal 1384 den Codice civile (Cód Sibhialta), féadfaidh an chúirt an pionós a laghdú go cothrom má comhlíonadh an phríomhoibleagáid go páirteach nó má tá méid an phionóis iomarcach go follasach, agus leas an chreidiúnaí san fhorfheidhmiú á chur san áireamh.

An Cód Nós Imeachta Shibhialta

9 Foráiltear leis an dara mír d'Airteagal 384 den Codice di procedura civile (Cód an Nós Imeachta Shibhialta), dar teideal 'Ráiteas ar phrionsabal an dlí agus cinneadh ar na tuillteanais':

'Nuair a sheasann sí leis an achomharc, cuirfidh an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh, an Iodáil) an cinneadh ar ceal tríd an gcás a tharchur chuig cúirt eile, nach mór di a dhéanamh de réir phrionsabal an dlí agus, in aon chás, de réir an phointe dlí arna

rialú ag an gcúirt sin, nó tabharfaidh sí féin rialú ar an tsubstaint i gcás nach bhfuil gá le cinntí fíorasacha nua.'

10 De réir Airteagal 394 den Chód sin, dar teideal 'Nós imeachta tarchuir':

'[...]

Sna nós imeachta um tharchur, féadfar an mionn cinntitheach a ghlacadh, ach ní fhéadfaidh na páirtithe éilimh a dhéanamh seachas iad siúd a rinneadh sna himeachtaí inar tugadh an breithiúnas a cuireadh ar ceal, ach amháin má eascraíonn an gá le héilimh nua ón mbreithiúnas ar achomharc deiridh.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

11 In 1998, thug CR agus TP, mar cheannaitheoirí is gealltóirí, agus Soledil, mar dhíoltóir ionchasach, gealltanas déthaobhach chun foirgneamh a dhíol, faoina ndearna CR agus TP réamhíocaíocht arb ionann í agus thart ar EUR 72 870 chuig cuntas Soledil. Foráladh le hAirteagal 7 den ghealltanas díola sin, trí chlásal pionóis, i gcás nach gcomhlíonann na ceannaitheoirí is gealltóirí a n-oibleagáid an conradh deiridh a thabhairt i gcrích, d'fhéadfadh an díoltóir ionchasach na suimeanna a íocadh mar réamhíocaíocht a choinneáil mar phionós.

12 Níor tugadh an conradh críochnaitheach maidir leis an díolachán sin i gcrích riamh agus tugadh an díospóid maidir leis an ngealltanas díola déthaobhach os comhair binse eadrána, a d'ordaigh, le dámhachtain eadrána dar dáta an 29 Iúil 2002, deireadh a chur leis an ngealltanas sin mar gheall ar neamhchomhlíonadh na gceannaitheoirí is gealltóirí. Ordaíodh do na ceannaitheoirí sin an foirgneamh atá i gceist a thabhairt ar ais agus, ag an am céanna, ordaíodh don díoltóir ionchasach na suimeanna a fuarthas mar réamhíocaíocht a aisíoc ina n-iomláine.

13 Le breithiúnas a tugadh in 2009, dhearbhaigh Corte d'appello di Ancona (Cúirt Achomhairc Ancona, an Iodáil) go raibh an dámhachtain eadrána ar neamhní ar chúiseanna nós imeachta agus rialaigh sí ar shubstaint na díospóide. Go háirithe, d'ordaigh an chúirt sin do na ceannaitheoirí is gealltóirí an foirgneamh atá i gceist a thabhairt ar ais agus d'ordaigh sí don díoltóir ionchasach na suimeanna a fuarthas mar réamhíocaíocht a aisíoc. Ina theannta sin, de bhun Airteagal 1384 den Chód Sibhialta, laghdaigh an chúirt an pionós dá bhforáiltear in Airteagal 7 den ghealltanas díola déthaobhach, dá dtagraítear i mír 11 den bhreithiúnas seo, go dtí an t-ús atá dlite ar na suimeanna a íocadh mar réamhíocaíocht amháin.

14 Le breithiúnas a tugadh ar achomharc in 2015, chuir an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh) breithiúnas an Corte d'appello di Ancona (Cúirt Achomhairc Ancona) ar neamhní ar an bhforas nár luadh na cúiseanna leis an gcinneadh an pionós sin a laghdú.

15 Tarchuireadh an cás ar ais ansin chuig Corte d'appello di Bologna (Cúirt Achomhairc Bologna, an Iodáil).

16 Le breithiúnas a tugadh in 2018, dhearbhaigh an chúirt sin go raibh ábhar na n-imeachtaí os a comhair teoranta do chur i bhfeidhm an chlásail pionóis a leagtar síos in Airteagal 7 den ghealltanas díola déthaobhach, don laghdú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an bpionós is infheidhme agus d'aon chaillteanas níos airde a d'fhulaing an díoltóir ionchasach a bhaineann le háitiú gan

teideal an fhoirgnimh atá i gceist a chinneadh. Chinn an chúirt sin, *inter alia*, go raibh pionós thart ar EUR 72 870 iomarcach agus, dá bhrí sin, laghdaíodh é go EUR 61 600 an méid a bhí dlite ó na ceannaitheoirí is gealltóirí ina leith sin.

17 Thug na ceannaitheoirí is gealltóirí caingean os comhair an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ag maíomh, *inter alia*, go raibh an clásal pionóis sin neamhbhailí ar an bhforas gur ghearr sé pionós orthu a bhí iomarcach go follasach agus, dá bhrí sin, gur téarma éagórach é de réir bhrí na reachtaíochta náisiúnta maidir le cosaint tomhaltóirí. Sna himthosca sin, dar leo, ba cheart don Corte d'appello di Bologna (Cúirt Achomhairc Bologna) a dhearbhú, *ex officio*, go bhfuil Airteagal 7 den ghealltanas díola déthaobhach neamhbhailí.

18 Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, ar an gcéad dul síos, go gcuirtear cosc le prionsabal *res judicata*, faoin reachtaíocht náisiúnta, ar cheist a bhaineann le neamhbhailíocht téarma a líomhnaítear a bheith éagórach, nár ardaíodh nó nár luadh i gcomhthéacs an chéad athbhreithnithe ar dhlíthiúlacht agus nach bhfuil i gcomhréir le hábhar an bhreithiúnais a chuir an cinneadh a tugadh ar an tsubstaint ar ceal, a scrúdú sa dara hathbhreithniú ar dhlíthiúlacht.

19 Ar an dara dul síos, sonraíonn an chúirt sin gur chinn sí cheana féin, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte maidir le prionsabal na héifeachtachta i ndáil leis na cearta a thugtar do thomhaltóirí le Treoir 93/13, nach bhfuil feidhm ag *res judicata* in imeachtaí achoimre le haghaidh ordú íocaíochta, i gcás nach ndearnadh agóid i gcoinne na hionstraime a líomhnaítear agus nach bhfuil ráiteas ar chúiseanna inti in éagmais chineál éagórach na dtéarmaí conarthacha atá i gceist.

20 Sna himthosca seo, chinn Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

'An bhfuil Airteagail 6(1) agus 7(1) de [Threoir 93/13] agus Airteagal 47 den: [Chairt] le léiriú:

(a) sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar chur i bhfeidhm phrionsabail nós imeachta na cúirte náisiúnta, de bhua nach bhféadfar na ceisteanna a tharchuirtear, fiú maidir le neamhniú an chonartha, nár ardaíodh os comhair an [Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh)], agus nach bhfuil ag luí go loighciúil leis an gcuid oibríochtúil den bhreithiúnas achomhairc, a scrúdú [sna himeachtaí i ndiaidh an achomhairc deiridh], ná le linn an athbhreithnithe ar a dhlíthiúlacht a dtíolacann páirtithe breithiúnas na cúirte a rinne an tarchur;

(b) agus i bhfianaise an bhreithnithe ar an éighníomhaíocht iomlán atá inchurtha i leith tomhaltóirí, mura ndearna siad agóid riamh i gcoinne neamhbhailíocht/neamhéifeachtúlacht na dtéarmaí éagóracha, ach amháin trí achomharc i [ndiaidh neamhniú ar achomharc ar phointe dlí];

(c) agus seo le tagairt ar leith á déanamh do chinneadh de chineál éagórach clásal pionóis iomarcach, athmhúnlú an laghdaithe de réir na gcritéar cuí (quantum) arna ordú ag an [Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh)], freisin mar gheall ar an mainneachtain cineál éagórach an chlásail a bhunú thar ceann na dtomhaltóirí, murab é sin [i ndiaidh] toradh an breithiúnas a glacadh [i ndiaidh neamhniú ar achomharc ar phointe dlí]?'

An cheist a tharchuirtear

21 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir nach gceadaíonn cur i bhfeidhm an phrionsabail *res judicata* don chúirt náisiúnta, a éisteann cás tarchurtha i ndiaidh neamhniú ar achomharc ar phointe dlí, scrúdú a dhéanamh *ex officio* ar neamhbhailíocht téarma chonarthaigh a líomhnaítear a bheith éagórach i gcás, ar an gcéad dul síos, nár ardaigh an tomhaltóir an tsaincheist dlí lena líomhnaítear éagóir an téarma sin le linn na gcéimeanna níos luaithe den nós imeachta breithiúnach agus, ar an dara dul síos, nár ardaigh na cúirteanna náisiúnta neamhbhailíocht téarma den sórt sin *ex officio* sna himeachtaí as ar eascair an breithiúnas ar achomharc deiridh.

22 De réir chásdlí socair, tá an córas cosanta arna chur chun feidhme le Treoir 93/13 bunaithe ar an tuairim go bhfuil an tomhaltóir i gcás níos íochtaraí i gcomparáid leis an díoltóir nó soláthróir maidir leis an gcumhacht margála agus leibhéal na faisnéise (féach, go háirithe, breithiúnas an 17 Bealtaine 2022, *SPV Project 1503 agus páirtithe eile*, C-693/19 agus C-831/19, EU:C:2022:395, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

23 Maidir leis an seasamh níos laige sin, foráiltear le hAirteagal 6(1) den Treoir nach bhfuil téarmaí éagóracha ceangailteach ar thomhaltóirí. Is foráil shainordaitheach é sin atá dírithe ar fhíorchothromaíocht a athbhunú idir na páirtithe sa chaoi go bhfuil comhionannas eatarthu, in áit na cothromaíochta foirmiúla a bhunaítear leis an gconradh idir cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe conarthacha (breithiúnas an 17 Bealtaine 2022, *SPV Project 1503 agus páirtithe eile*, C-693/19 agus C-831/19, EU:C:2022:395, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

24 I ndáil leis sin, ceanglaítear ar an gcúirt náisiúnta measúnú a dhéanamh *ex officio* ar chineál éagórach an téarma chonarthaigh, a thagann faoi raon feidhme Threoir 93/13 agus, ar an dóigh sin, chun an éagothroime idir an tomhaltóir agus an díoltóir nó an soláthróir a chúiteamh, ar choinníoll go bhfuil na gnéithe dlíthiúla agus fíorasacha is gá chun na críche sin aici (breithiúnais an 14 Márta 2013, *Aziz*, C-415/11, EU:C:2013:164, mír 46, agus an 17 Bealtaine 2022, *SPV Project 1503 agus páirtithe eile*, C-693/19 agus C-831/19, EU:C:2022:395, mír 53).

25 Thairis sin, ceanglaítear le Treoir 93/13 ar na Ballstáit, mar is léir ó Airteagal 7(1), arna léamh i bhfianaise an cheathrú haithris is fiche, foráil a dhéanamh maidir le modhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha chun bac a chur ar úsáid leanúnach téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra arna dtabhairt i gcrích ag díoltóirí nó soláthróirí (breithiúnas an 26 Meitheamh 2019, *Addiko Bank*, C-407/18, EU:C:2019:537, mír 44, agus an 17 Bealtaine 2022, *SPV Project 1503 agus páirtithe eile*, C-693/19 agus C-831/19, EU:C:2022:395, mír 54).

26 In éagmais rialacha arna leagan síos le dlí an Aontais, is le dlíchóras inmheánach na mBallstát a mbaineann rialacha mionsonraithe na nósanna imeachta maidir le cosaint na gceart a eascraíonn ó dhlí an Aontais a áirithiú, de bhua phrionsabal neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát. Mar sin féin, ní fhéadfaidh na rialacha mionsonraithe sin a bheith níos lú fabhair ná na rialacha lena rialaítear cásanna inmheánacha comhchosúla (prionsabal na coibhéise) ná a bheith réitithe ar shlí a bhfágfaidh go mbeidh sé dodhéanta nó ródheacair na cearta a thugtar i ndlíchóras an Aontais a fheidhmiú (prionsabal na héifeachtachta) (breithiúnas an 17 Bealtaine 2022, *Unicaja Banco*, C-869/19, EU:C:2022:397, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

27 Maidir le prionsabal na coibhéise, níl aon eilimint de chineál ar bith ag an gCúirt a d'ardódh amhras faoi chomhréireacht na reachtaíochta atá i gceist sna príomhimeachtaí leis an bprionsabal sin.

28 Maidir le prionsabal na héifeachtachta, is léir ó chásdlí na Cúirte go gcaithfear anailís a dhéanamh ar gach cás ina gcuirtear an cheist i dtaobh an bhfágann foráil náisiúnta nós imeachta go bhfuil cur i bhfeidhm dhlí an Aontais dodhéanta nó ródheacair, agus ról na forála sin sa nós imeachta ina iomláine, seoladh an nós imeachta agus a ghnéithe speisialta á gcur san áireamh, agus, i gcás inarb iomchuí, na prionsabail is bunús leis an gcóras breithiúnach náisiúnta, amhail cosaint chearta na cosanta, prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus seoladh cuí na n-imeachtaí (breithiúnas an 17 Bealtaine 2022, *Unicaja Banco*, C-869/19, EU:C:2022:397, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 Thairis sin, shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil ceanglas maidir le cosaint éifeachtach bhreithiúnach i gceist leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit éifeachtacht na gceart atá ag daoine aonair faoi dhlí an Aontais a áirithiú, go háirithe do na cearta a eascraíonn as Treoir 93/13, a athdhearbhaítear in Airteagal 7(1) den Treoir sin agus a chumhdaítear freisin in Airteagal 47 den Chairt, a bhfuil feidhm aige, *inter alia*, maidir le sainiú na rialacha mionsonraithe nós imeachta a bhaineann le caingne os comhair na gcúirteanna atá bunaithe ar na cearta sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Bealtaine 2022, *Unicaja Banco*, C-869/19, EU:C:2022:397, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt, in éagmais athbhreithniú éifeachtach ar nádúr éagórach féideartha théarmaí an chonartha lena mbaineann, nach féidir urramú na gceart a thugtar le Treoir 93/13 a ráthú (breithiúnas an 17 Bealtaine 2022, *Unicaja Banco*, C-869/19, EU:C:2022:397, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Dá bhrí sin, ní féidir leis na coinníollacha a leagtar síos leis an dlí náisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Threoir 93/13, an bonn a bhaint de shubstaint an chirt atá ag tomhaltóirí de bhun na forála sin nach mbeidh siad faoi cheangal ag téarma a mheastar a bheith éagórach (breithiúnais an 17 Bealtaine 2022, *Unicaja Banco*, C-869/19, EU:C:2022:397, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Mar sin féin, tá sé tábhachtach a mheabhrú a thábhachtaí atá an prionsabal maidir le *res judicata* i ndlíchóras an Aontais Eorpaigh agus sna dlíchórais náisiúnta araon. Go deimhin, bhí deis ag an gCúirt a shonrú cheana, d'fhonn cobhsaíocht an dlí chomh maith le riar cuí an cheartais a áirithiú, ní mór na cinntí cúirte ar cuireadh chun críochnaitheachta a bheith neamh-inchonspóidte i ndiaidh triail a bhaint as na leigheasanna go léir atá ar fáil agus i ndiaidh éag na dtréimhsí dá bhforáiltear le haghaidh na gcaingne sin (breithiúnais an 9 Aibreán 2024, *Profi Credit Polska (Athoscailt an nós imeachta arna chur i gcrích le cinneadh críochnaitheach)*, C-582/21, EU:C:2024:282, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Rialaigh an Chúirt freisin, i gcás, le linn scrúdú roimhe sin ar chonradh atá i gceist as ar eascair glacadh cinnidh a bhfuil feidhm *res judicata* aige, nach ndearna an chúirt náisiúnta ach scrúdú *ex officio*, i bhfianaise Threoir 93/13, ar cheann amháin nó ar chuid de théarmaí an chonartha sin, go gceanglaítear leis an Treoir sin ar chúirt náisiúnta measúnú a dhéanamh, arna iarraidh sin ag na páirtithe nó *ex officio* i gcás ina bhfuil na heilimintí dlíthiúla agus fíorasacha is gá don chúram sin ar fáil di, an bhfuil téarmaí eile an chonartha sin éagórach. In éagmais athbhreithniú den sórt sin, bheadh cosaint tomhaltóirí neamhiomlán agus neamhdhóthanach agus ní bheadh sí ina modh

leordhóthanach ná éifeachtach chun cosc a chur ar úsáid leanúnach téarmaí den sórt sin, ag teacht salach an méid dá bhforáiltear in Airteagal 7(1) de Threoir 93/13 (breithiúnas an 26 Eanáir 2017, *Banco Primus*, C-421/14, EU:C:2017:60, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Os a choinne sin, d'áiritheofaí an chosaint sin dá mba rud é, le linn na chéad imeachtaí breithiúnacha, go ndearna an chúirt a bhfuil dlínse aici an t-athbhreithniú ar an éagóir a d'fhéadfadh a bheith ag baint le téarmaí an chonartha lena mbaineann agus nár nochtadh leis an scrúdú sin, agus cúiseanna achoimre á lua ar a laghad, go raibh aon téarma éagórach ann agus gur cuireadh in iúl go cuí don tomhaltóir, in éagmais achomharc laistigh den tréimhse a leagtar síos leis an dlí náisiúnta, go gceanglófaí air nó uirthi ina dhiaidh sin a dhearbhú go bhféadfadh na téarmaí sin a bheith éagórach (féach, de réir analaí, breithiúnas an 7 Samhain 2024, *ERB New Europe Funding II*, C-178/23, EU:C:2024:943, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go bhfuil an t-athbhreithniú a dhéanann cúirt ar éagóir na dtéarmaí conarthacha, i gconradh arna thabhairt i gcrích idir tomhaltóir agus díoltóir nó soláthróir i gcomhréir le prionsabal na héifeachtachta i bhfianaise Threoir 93/13 más rud é, ar an gcéad dul síos, go gcuirtear an tomhaltóir ar an eolas faoin athbhreithniú sin a bheith ann agus faoi na hiarmhairtí a bhaineann lena éighníomhaíocht maidir leis an gcosc ama ar an gceart chun a dhearbhú go bhféadfadh téarmaí conarthacha a bheith éagórach agus, ar an dara dul síos, go bhfuil an cinneadh a rinneadh tar éis an athbhreithnithe sin réasúnaithe go leordhóthanach chun go bhféadfaí na téarmaí a scrúdaíodh ar an ócáid sin a shainaithint agus na cúiseanna, fiú cúiseanna achoimre, ar chinn an chúirt nach bhfuil na téarmaí sin éagórach. Féadfaidh cinneadh breithiúnach a chomhlíonann na ceanglais sin cosc a chur ar athbhreithniú nua ar nádúr éagórach féideartha téarmaí conarthacha in imeachtaí ina dhiaidh sin (breithiúnas an 29 Feabhra 2024, *Investcapital*, C-724/22, EU:C:2024:182, mír 45).

36 Sa chás seo, is léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, go gcuirtear cosc leis an bprionsabal *res judicata* ar saincheist a d'fhéadfaí a ardú *ex officio*, amhail nádúr éagórach líomhainte téarma chonarthaigh, a scrúdú i gcomhthéacs imeachtaí tarchurtha, in imthosca nár ardaíodh nó nár luadh an tsaincheist sin i gcomhthéacs na n-imeachtaí as ar eascair an breithiúnas faoi achomharc agus, dá bhrí sin, nach bhfuil agairt saincheist den sórt sin i gcomhréir le hábhar an chuid oibríochtúil den bhreithiúnas sin.

37 Dealraíonn sé freisin nach bhfuil aon anailís sna cinntí breithiúnacha a bhaineann leis an díospóid sna príomhimeachtaí, mar a luaitear i míreanna 13, 14 agus 16 den bhreithiúnas seo, ó na cúirteanna atá ag breithniú na substainte ná ón Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh), ar éagóir fhéideartha an chlásail pionóis atá i gceist sna príomhimeachtaí.

38 Mar sin féin, de réir na cúirte a rinne an tarchur, glacadh cinneadh breithiúnach lena n-aithnítear go hintuigthe bailíocht an chlásail pionóis sin, ós rud é go nglactar leis go loighciúil leis an gcinneadh, arna dhéanamh ag na cúirteanna náisiúnta, méid an phionóis a laghdú, go bhfuil an clásal sin bailí agus go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige. Dá bhrí sin, faoin reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, meastar go ndearnadh scrúdú *ex officio* ar nádúr éagórach féideartha an chlásail pionóis lena mbaineann agus go dtagann sé faoi raon feidhme *res judicata*, fiú i gcás nach bhfuil aon ráiteas ar chúiseanna ann. Fágann sé sin nach féidir an t-athbhreithniú a cheanglaítear leis an gcásdlí dá dtagraítear i míreanna 30 agus 33 go 35 den bhreithiúnas seo a dhéanamh, in ainneoin go bhfuil imeachtaí breithiúnacha a bhaineann leis an gclásal pionóis atá i gceist sna príomhimeachtaí fós ar siúl.

39 Dá bhrí sin, tá an reachtaíocht náisiúnta sin, lena mbaintear den tomhaltóir na modhanna nós imeachta lena gcuirtear ar a chumas a chearta a dhearbhú faoi Threoir 93/13, de chineál a fhágann go bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair na cearta sin a chosaint, rud a bhaineann an bonn de phrionsabal na héifeachtachta.

40 Thairis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara go raibh na ceannaitheoirí is gealltóirí go hiomlán éighníomhach agus nár líomhain siad cineál éagórach an chlásail pionóis lena mbaineann ach amháin i gcomhthéacs an dara hachomharc ar phointe dlí.

41 Chuige sin, ní féidir an gá atá le prionsabal na héifeachtúlachta a chomhlíonadh a dul chomh fada le héighníomhaíocht iomlán an tomhaltóra lena mbaineann a chúiteamh go hiomlán (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Meitheamh 2025, *GR REAL*, C-351/23, EU:C:2025:474, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear). Sa chás seo, áfach, is léir ón ordú tarchuir gur ghlac na ceannaitheoirí is gealltóirí páirt i ngach céim éagsúil de na himeachtaí breithiúnacha agus gur ardaigh siad, fiú amháin i gcomhthéacs an dara hachomharc ar phointe dlí, cineál éagórach an chlásail pionóis lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní féidir a léiriú go raibh a n-iompar go hiomlán éighníomhach.

42 Leanann sé ón méid sin roimhe seo gurb é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta agus Airteagal 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir nach gceadaítear le cur i bhfeidhm an phrionsabail *res judicata* don chúirt náisiúnta, a éisteann cás tarchurtha i ndiaidh neamhniú ar achomharc ar phointe dlí, scrúdú a dhéanamh *ex officio* ar neamhbhailíocht téarma chonarthaigh a líomhnaítear a bheith éagórach i gcás, ar an gcéad dul síos, nár ardaigh an tomhaltóir an tsaincheist dlí lena líomhnaítear éagóir an téarma sin le linn na gcéimeanna níos luaithe den nós imeachta breithiúnach agus, ar an dara dul síos, nár ardaigh na cúirteanna náisiúnta neamhbhailíocht téarma den sórt sin *ex officio* sna himeachtaí as ar eascair an breithiúnas ar achomharc deiridh.

Costais

43 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta agus Airteagail 7 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir nach gceadaítear le cur i bhfeidhm an phrionsabail *res judicata* don chúirt náisiúnta, a éisteann cás tarchurtha i ndiaidh neamhniú ar achomharc ar phointe dlí, scrúdú a dhéanamh *ex officio* ar neamhbhailíocht téarma chonarthaigh a líomhnaítear a bheith éagórach i gcás, ar an gcéad dul síos, nár ardaigh an tomhaltóir an tsaincheist dlí lena líomhnaítear éagóir an téarma sin le linn na

gcéimeanna níos luaithe den nós imeachta breithiúnach agus, ar an dara dul síos, nár ardaigh na cúirteanna náisiúnta neamhbhailíocht téarma den sórt sin *ex officio* sna himeachtaí as ar eascair an breithiúnas ar achomharc deiridh.

[Sínithe]